# Ráiteas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## *Athbhreithniú Piaraí ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Tá m'Oifig tiomanta dá cuid oibre go léir a dhéanamh ar an gcaighdeán is airde is féidir. Ag eascairt as an ngealltanas sin, leagamar síos cuspóir straitéiseach chun measúnú seachtrach neamhspleách a choimisiúnú ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne caighdeán agus dea-chleachtas idirnáisiúnta, a bheidh le déanamh ag painéal saineolaithe ó eagraíochtaí piaraí idirnáisiúnta agus a bheidh críochnaithe roimh dheireadh 2020.

Rinne grúpa saineolaithe a raibh taithí fhairsing acu ar leibhéal bainistíochta sinsearach i gcomhlachtaí iniúchta na hearnála poiblí sa RA, san Aontas Eorpach agus i gCeanada an t-athbhreithniú piaraí, ag baint úsáide as creat cuimsitheach chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht oifigí iniúchta náisiúnta a d'fhorbair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (*INTOSAI*). Tá mé faoi chomaoin ag baill an Ghrúpa Athbhreithnithe Piaraí as a gcur chuige léirsteanach agus cúirtéiseach maidir leis an tasc, agus as an mbealach dian, dúshlánach agus gairmiúil a rinne siad an obair.

Fáiltím roimh thorthaí an Ghrúpa Athbhreithnithe Piaraí agus táim sásta glacadh leis na moltaí go léir atá déanta acu. Gníomhófar dá réir go pras. Chuir an Grúpa moltaí cabhracha agus smaointe inspioráideacha ar fáil i roinnt réimsí a dhéanfaimid a bhreithniú de réir mar a fhorbraímid ráiteas straitéise nua pleanáilte don tréimhse 2021-2025.

Tá áthas orm agus táim ar mo shuaimhneas go bhfuair an Grúpa go bhfuil caighdeáin iniúchta idirnáisiúnta curtha i bhfeidhm go diongbháilte ag an Oifig ar fud a gcuid cleachtas iniúchta agus tuairiscithe airgeadais agus ina rialachas inmheánach. Tugann siad ar aird gur ionad oibre dea-fheidhmiúil í an Oifig le baill foirne atá gairmiúil, cáilithe, disciplínithe, spreagtha agus stiúrtha go maith. Tuairiscíonn siad chomh maith, bunaithe ar aiseolas a fuair siad i gclár agallamh le páirtithe leasmhara seachtracha, go bhfuil ard-mheas ar an Oifig.

Ar ndóigh, leagann an tuarascáil béim ar roinnt príomhdheiseanna agus dhúshláin don Oifig agus dá foireann. Tugann an Grúpa breac-chuntas ar bhealaí ina bhféadfadh an Oifig luach poiblí breise a chruthú, mar shampla léargas níos ginearálta a sholáthar ón obair a dhéantar ar fud na seirbhíse poiblí. Molann siad gur cheart go mbeadh sé mar aidhm againn a bheith i bhfách le dea-chleachtas go láidir i riarachán poiblí na hÉireann, gan cur isteach ar an neamhspleáchas agus ar an neamhchlaontacht atá bunriachtanach dár gcuid oibre iniúchta agus tuairiscithe. Tacaíonn siad lenár ndiongbháilteacht ár gcumas a fhorbairt chun aschur tuairiscithe níos mó, níos fearr agus fíorábhartha a sheachadadh dírithe ar gheilleagar, éifeachtúlacht agus éifeachtacht, agus chun tuairisciú airgeadais níos tráthúla ó chomhlachtaí poiblí a chinntiú. Tugann siad dúshlán dúinn freagairt d'éilimh a d'aithin siad go mbeadh níos mó rannpháirtíochta ag an Oifig le cliaintchomhlachtaí, leis an Oireachtas, leis na meáin agus leis an bpobal i gcoitinne. Táim ar bís go gcomhlíonfaimid na dúshláin sin agus go mbeidh na cuspóirí sin mar fhócas lárnach dár straitéis don todhchaí.

Beidh seachadadh na gcuspóirí sin ag brath, ar ndóigh, ar cé chomh héifeachtach agus a dhéanaimid bainistíocht ar na hacmhainní atá ar fáil dúinn, agus aithníonn an Grúpa Athbhreithnithe go bhfuil brú ar chumas na hOifige cheana féin. Mhéadaíomar ár n-infheistíocht inár mbonneagar agus in earcaíocht, oiliúint agus forbairt ár bhfoireann. Soláthraíonn teicneolaíocht nua-aimseartha

deiseanna do bhealaí nua radacacha oibre atá á iniúchadh againn.  Éilíonn na rioscaí a bhaineann leis an bpaindéim reatha go mbeimis nuálaíoch agus go nglacfaimis le cleachtais nua le fonn.  Is cosúil anois go bhfuil sé dosheachanta, i gcás cuid mhaith againn, go mbeidh an tseansamhail maidir le hobair láraithe oifigbhunaithe míphraiticiúil agus b'fhéidir gan tábhacht sa mheántéarma.  Táimid tiomanta d'athchóirithe atá dírithe ar ár n-éifeachtúlacht agus ár n-éifeachtacht féin a fheabhsú ionas gur féidir linn leanúint lenár n-oibleagáidí i leith na gcomhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu, do Dháil Éireann agus do shaoránaigh na hÉireann a chomhlíonadh.

Cé go ndíríonn an chuid is mó de mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe Piaraí ar ábhair atá go mór faoi smacht na hOifige, d'aithin siad chomh maith roinnt gnéithe den chreat reachtúil ina bhfeidhmím agus an Oifig a d'fhéadfadh srianta a chur ar neamhspleáchas na feidhme, agus nach bhfuil ag teacht le caighdeáin idirnáisiúnta nua-aimseartha.  Den chuid is mó, is ábhair iad seo nach féidir ach leis an Oireachtas aghaidh a thabhairt orthu.  Chuige sin, tá sé úsáideach a thabhairt ar aird go n-oibrímid go príomha faoi reachtaíocht atá beagnach 30 bliain d'aois faoi láthair.  B'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach anois ról agus struchtúr na hOifige a athscrúdú i bhfianaise an iliomad athruithe a tharla sa tseirbhís phoiblí agus i gcleachtas iniúchadh na hearnála príobháidí agus na hearnála poiblí araon ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar an ról.  Ba cheart go ndéanfadh aon scrúdú den sórt sin athbhreithniú ar a mhéid a chomhlíonann sainordú reachtach reatha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na riachtanais uile iniúchta agus cuntasachta poiblí a bhíonn i gceist le Stát daonlathach nua-aimseartha.

An 15 Bealtaine 2020